


Gníomhaíocht Daltaí: Mar a athraíonn graf i gcás carranna bréagáin a thosaíonn ó thúsphointí difriúla agus a ghluaiseann ar luas dhifriúla

Déan in éineacht leis an gcomhad idirghníomhach, '2 charr', ar CD an Dalta.



1.


- a. Líon isteach an tábla thíos do charr bréagáin a thosaíonn 1 mhéadar ar haghaidh ón túsphointe, agus a dhéanann luas 2 mhéadar sa nóiméad.

Am ina Nóiméid	Fad (ina mhéadair) ón túsphointe
0	
1	
2	
3	
4	
5	

- b. Cén sórt patrúin, i d'fhocail féin, a dhéanann na huimhreacha sa tábla thuas?

- c. Cén gaol atá idir an patrún agus na sonraí i gcuid a. den cheist?

d. Tarraing graf de na sonraí sa tábla thuas:



2. Seasann an líne dhearg sa ghráf thíos do thuras a dhéanann an carr dearg.
- a. Líon isteach an tábla seo don charr dearg sa léaráid thíos:

Am ina Nóiméid	0	1	2	3	4
Fad ina mhéadair					


b. Cén túsphointe a bhí ag an gcarr dearg?

c. Cén fad a bhí an carr dearg imithe óna túsphointe nuair a shroich sé an pointe A?

d. Cén fad ama, ina nóiméid, a thóg sé ar an gcarr dearg an pointe A a bhaint amach?

e. Cén luas a bhí á dhéanamh ag an gcarr dearg?

f. Cé mar a d'athraigh an fad ón túsphointe, maidir leis an gcarr dearg sin, idir am = 1 nóiméad agus am = 2 nóiméad?



g. Cé mar a athraíonn an fad ón túsphointe maidir leis an gcarr dearg sin, idir am = 2 nóiméad agus am = 3 nóiméad?

h. Léigh ón ngraf an t-athrú faid a tharlaíonn le gach aonad d'athrú ama.

i. Cén coibhneas (cén gaol) atá idir an t-athrú faid sa nóiméad agus luas an chairr?

j. Tá fána líne = $\frac{\text{an tAthrú ar } y}{\text{an tAthrú ar } x}$, nó $\frac{\text{fad}}{\text{am}}$ sa chás seo. Tóg trí phéire dhifriúla pointí agus ríomh fána na líne atá á leanúint ag an gcarr dearg.

k. Céard is féidir a rá faoin gcoibhneas idir luas an chairr agus fána na líne sin a sheasann don turas a rinne an carr? mnm


3. Seasann an líne uaithe do thuras a dhéanann an carr uaithe.

a. Cén túsphointe atá ag an gcairr uaithe?

b. Cén fad a bhí an carr uaithe óna túsphointe sular shroich sé an pointe B?

c. Cén fad, ina nóiméid, a thóg sé ar an gcarr uaithe an pointe B a bhaint amach?

d. Cén luas a dhéanann an carr uaithe?



e. Cé mar a athraíonn an fad ón túsphointe maidir leis an gcarr uithne sin, idir am cothrom le 1 nóiméad agus am cothrom le 2 nóiméad?

f. Cé mar a athraíonn an fad ón túsphointe maidir leis an gcarr uithne sin, idir am = 2 agus am = 3?

g. Léigh ón ngraf an t-athrú faid a tharlaíonn le gach aonad d'athrú ama.

h. Cén coibhneas atá idir an t-athrú faid san aonad ama agus luas an chairr?

i. Tugtar fána líne le $\frac{\text{an tAthrú ar } y}{\text{an tAthrú ar } x}$, nó $\frac{\text{fad}}{\text{am}}$ sa chás seo. Tóg trí phéire dhifriúla pointí agus ríomh fána na líne atá á leanúint ag an gcarr uithne.

j. Céard is féidir a rá faoin gcoibhneas idir luas an chairr agus fána na líne sin a léiríonn an turas a rinne an carr sin?

4.

a. Cén túsphointe a bhí ag gach carr díobh seo?

b. Cén fad ama a bhí gach carr díobh ag taisteal?

c. Cén fad ama a bhí imithe sular tháinig an 2 charr le chéile?

d. Céard é luas gach cairr díobh?



e. Céard é fána na líne atá á leanúint ag an gcarr dearg?

f. Céard é fána na líne atá á leanúint ag an gcarr uithne?


g. Cé acu líne a bhfuil an fhána is mó aici? Cén t-eolas atá ansin faoi luas an chairr áirithe sin?

5.

a. Tarraing graf a léireoidh na cásanna seo a leanas: Carr dearg a thosaíonn 1 mhéadar ón túsphointe, agus luas 2 mhéadar sa nóiméad aige;

Carr uithne a thosaíonn 2 mhéadar ón túsphointe agus luas 1 mhéadar sa nóiméad aige.

b. Cathain a thagann an dá charr le chéile?




Dúshláin

6.

a. Cén ní a chinntíonn an fhána atá ag an líne dhearg sa léaráid thall?


b. Céard a tharlaíonn d'fhána na líne atá á leanúint ag carr má mhéadaíonn an luas?

c. Faigh fána na líne a bhí á taisteal ag an gcarr dearg sa léaráid thall.




d. Sa léaráid thuas, faigh fána na líne a bhí á taisteal ag an gcarr uithne.

7. Má thosaíonn carr A ó túsphointe níos faide suas ná carr B, agus má théann sé níos sciobtha ná carr B, an dtiocfaidh an dá charr le chéile riamh? Tarraing léaráid.



8. Má tá túsphointe charr A níos faide suas ná túsphointe charr B agus má théann carr A níos moille ná carr B, an dtiocfaidh siad le chéile riamh? Tarraing léaráid.



9. Tarraing léaráid de charr a thosaíonn 4 mhéadar ón túsphointe agus luas nialasach aige.

